Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14463/22**

**DEVGEN 198**
**COHAFA 100**
**PROCIV 137**
**RELEX 1484**
**ACP 120**
**ENV 1119**
**MIGR 340**
**CLIMA 578**
**COPS 533**
**SUSTDEV 189**
**ONU 133**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 28 Samhain 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13834/22 |
| Ábhar: | Laghdú Rioscaí Tubaistí i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 28 Samhain 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Laghdú Rioscaí Tubaistí i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, a ghlac an Chomhairle ag an 3914ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl ar an 28 Samhain 2022.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Laghdú Rioscaí Tubaistí i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais**

1. **Aithníonn an Chomhairle** go bhfuil méadú ag teacht ar thubaistí, ar chaillteanais ghaolmhara dhaonna, eacnamaíocha agus chomhshaoil agus ar na bunleochaileachtaí arb iad is cúis le rioscaí agus leochaileachtaí, amhail coinbhleacht, bochtaineacht agus neamhionannas, go díreach agus éiceachórais agus gnáthóga i mbaol a gcliste. Le tionchair na suaití domhanda amhail díghrádú an chomhshaoil agus an t-athrú aeráide, coinbhleachtaí armtha, go háirithe cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus bagairtí sláinte, amhail paindéim COVID-19, léirítear gné idirnasctha agus shistéamach riosca an lae inniu agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh tubaistí as an riosca sin a mbeadh éifeachtaí cascáideacha acu ar fud limistéir gheografacha agus earnálacha, agus a chuirfeadh bac ar fhorbairt an duine.

2. **Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir** a thábhachtaí atá sonraí agus measúnuithe eolaíocha maidir leis an athrú aeráide agus na guaiseacha a eascraíonn as sin, na himpleachtaí agus na tionchair a bhaineann leis, amhail guaiseacha aeráide agus guaiseacha eile atá ag dul i méid, chomh maith le hoiriúnú agus maolú, cosaint agus roghanna eile arna gcur chun cinn ag Painéal Idir-Rialtasach na Náisiún Aontaithe (NA) ar an Athrú Aeráide. Chun na cláir oibre dhomhanda sin a chomhlíonadh, tá gá le rochtain níos fearr ar bhreathnóireacht an domhain, lena n-áirítear sonraí spásbhunaithe agus bonneagar gaolmhar, agus riachtanais ar leith na dtíortha atá i mbéal forbartha á gcur san áireamh. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir freisin luach comhlántach an eolais agus na gcleachtas áitiúil agus traidisiúnta.

3. Is minice agus is déine iad adhaimsir agus teagmhais mhoilleacha atá ag éirí níos measa mar gheall ar an athrú aeráide agus, nuair a tharlaíonn siad ag an am céanna le díghrádú comhshaoil, leochaileacht agus nochtadh comhshaoil, is mó an baol go gcaillfear daoine agus go mbeidh caillteanais ábhair agus nádúrtha ann, lena méadaítear riachtanais oiriúnúcháin, dhaonnúla agus forbartha, agus lena gcuirfear a thuilleadh leis an mbearna mhaoiniúcháin a bhaineann leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna). Is féidir le héiceachórais dhíghrádaithe a bheith ina gcúis le hiomaíocht agus coinbhleachtaí maidir le hacmhainní ganna, go háirithe talamh agus uisce. Aithníonn an Chomhairle gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí oiriúnúcháin ar bhealach práinneach, go háirithe ós rud é nach gcuirfí cosc ar thionchair aeráide fiú dá gcuirfí deireadh leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa go léir.

4. **Tugann an Chomhairle dá haire** an tosaíocht atá tugtha go sainráite ag an Aontas don aistriú glas agus do chosaint na bithéagsúlachta faoin gComhaontú Glas don Eoraip, an cuspóir maidir le haeráidneodracht dá dtagraítear sa Dlí Aeráide Eorpach, chomh maith leis an uaillmhian maidir le hEoraip a bheidh níos glaise agus níos athléimní, a dtacaíonn an Pacáiste Téarnaimh leis, ar fearr an cumas a bheidh inti aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá anois ann agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear ina gníomhaíocht sheachtrach. **Meabhraítear don Chomhairle** na conclúidí ón gComhairle (i) an 3 Meitheamh 2021 maidir le hEoraip aeráid-díonach a chruthú — Straitéis nua an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide, (ii) an 19 Samhain 2021 maidir le hUisce i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais, (iii) an 23 Samhain 2021 maidir le hullmhacht, cumas freagartha agus athléimneacht i leith géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a fheabhsú, agus (iv) an 3 Márta 2022 maidir le hobair cosanta sibhialta i gcoinne an athraithe aeráide.

5. **Aithníonn an Chomhairle** a thábhachtaí atá laghdú éifeachtach rioscaí tubaiste, réamhghníomhaíocht agus forbairt atá feasach ar rioscaí chun beatha daoine a shábháil agus folláine agus dínit a chaomhnú, riachtanais dhaonnúla a laghdú, oiriúnú don athrú aeráide, agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus athléimneacht a chothú, go háirithe sna Tíortha is Lú Forbairt (LDC) agus i Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha (SIDS), gan aon duine a fhágáil ar lár.

6. **Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir** a thábhachtaí atá sé an caillteanas agus an damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear teagmhais adhaimsire (a thiteann amach go tobann) agus teagmhais a thagann chun cinn go mall, agus ról na forbartha inbhuanaithe, DRR, Bainistiú Comhtháite Acmhainní Uisce (IWRM), gníomhú ar son na haeráide agus réamhghníomhaíocht chun an riosca caillteanais agus damáiste a laghdú. Ba cheart córais agus bonneagair um bainistiú comhtháite acmhainní uisce, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le WASH, a bheith níos athléimní agus níos aeráidneodraí.

7. **Aithníonn an Chomhairle** na naisc idir leochaileacht, coinbhleacht agus tubaistí. I gcomhthéacsanna leochaileacha atá buailte ag coinbhleacht, is féidir le tubaistí na bunchúiseanna leis an leochaileacht agus an choinbhleacht a ghéarú agus na hionchais do théarnamh agus do shíocháin inbhuanaithe a dhíchobhsú. Is féidir le próisis rannpháirteacha agus chuimsitheacha DRR agus réamhghníomhaíocht i gcomhréir leis an nasc trípháirteach idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin (HDP) feidhmiú mar uirlis chun síocháin a chothú i gcás ina n-idirghníomhaíonn tubaistí agus coinbhleachtaí, agus, ag an am céanna, tá bearta chun coinbhleachtaí a chosc bunriachtanach do thimpeallacht atá fabhrach do DRR. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór meastóireacht iltoiseach ar riosca, athléimneacht agus íogaireacht choinbhleachta a chomhtháthú san anailís ar chomhthéacs, sa phleanáil agus san fhaireachán agus sa mheastóireacht ar ghníomhaíocht chomhpháirteach i dtíortha comhpháirtíochta, agus uirlisí measúnaithe iltoiseacha an Aontais chomh maith leis na cleachtais is fearr ó uirlisí sonracha DRR á gcur san áireamh[1].

[1] Amhail an tionscnamh um acmhainneacht maidir le laghdú tubaistí (CADRI).

8. **Aithníonn an Chomhairle** go mbíonn tionchair dhifreáilte ag tubaiste mar thoradh ar neamhionannais agus ar an mbochtaineacht agus cuireann sí i dtábhacht nach mór a áirithiú le DRR nach bhfágfar aon duine ar lár agus go ndéanfar cur chuige a bheidh bunaithe ar chearta an duine a chomhtháthú, lena gcoinneofar comhionannas inscne, cearta an linbh, fócas ar aois agus ar mhíchumas i ngach céim de phleanáil, de chur chun feidhme, agus d'fhaireachán agus de mheastóireacht a mhéid a bhaineann le DRR, chomh maith le rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach. Chuige sin, ba cheart sonraí imdhealaithe a úsáid agus a n-inchomparáideacht a áirithiú.

9. **Athdhearbhaíonn an Chomhairle** gur cheart Gníomhaíocht Sheachtrach an Aontais maidir le DRR a ailíniú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na SDGanna, le Creat Sendaï um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030 agus lena spriocanna domhanda, agus le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus a spriocanna fadtéarmacha agus a chreata cur chun feidhme, agus gur cheart di rannchuidiú leis an gcur chun feidhme sin.

10. **Is díol sásaimh don Chomhairle an méid a leanas**

a. 'Clár Oibre Bali don Athléimneacht' mar thoradh ar an Seachtú Seisiún den Ardán Domhanda le haghaidh DRR (an 23 go dtí an 28 Bealtaine 2022)[2] agus 'Treochlár an Fhóraim Eorpaigh um Laghdú Rioscaí Tubaiste maidir le réigiún na hEorpa agus réigiún Lár na hÁise a bheith seasmhach ó thaobh tubaistí de faoi 2030' mar thoradh ar Ardán Réigiúnach na hEorpa le haghaidh DRR (an 25 agus an 26 Samhain 2021)[3].

b. Na conclúidí ó Thuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda 2022 maidir le DRR[4] agus an glao ar ghníomhaíocht chun (i) an luach a chuirimid ar rudaí a thomhas, (ii) córais a cheapadh chun an chaoi a ndéanann intinn an duine cinntí maidir le riosca a chur san áireamh, agus (iii) córais rialachais agus airgeadais a athchumrú le go n-oibreoidís thart ar na bacainní agus dearadh a dhéanamh i gcomhairle leis na daoine lena mbaineann.

c. Uachtaránacht an Aontais ar an Ardán maidir le hEasáitiú de dheasca Tubaistí mar dheis chun iarrachtaí a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an easáitithe daonra mar thoradh ar thubaistí, ar an athrú aeráide agus ar dhíghrádú an chomhshaoil, chun abhcóideacht dhomhanda a chur chun cinn agus chun tacú le comhpháirtíochtaí agus próisis iltaobhacha.

d. Comhdháil Uisce 2030 na Náisiún Aontaithe mar dheis chun plé a dhéanamh ar an leibhéal is airde agus gealltanas a thabhairt infheistíocht a dhéanamh in uisce mar luamhán chun cur leis an athléimneacht, chun baol tubaistí a chosc agus a laghdú, agus chun leas a bhaint as na geallsealbhóirí agus na hearnálacha uile chun dlús a chur le gníomhaíocht maidir le spriocanna agus cuspóirí a bhaineann le huisce i gClár Oibre 2030.

[2] https://globalplatform.undrr.org/publication/co-chairs-summary-bali-agenda-resilience
[3] https://www.undrr.org/publication/european-forum-disaster-risk-reduction-roadmap-2021-2030
[4] https://www.undrr.org/gar2022-our-world-risk

e. An leasú ar reachtaíocht an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) lena leagtar síos spriocanna an Aontais maidir le hathléimneacht ó thubaistí bunaithe ar chásanna reatha agus réamhbhreathnaitheacha, lena n-aithnítear go bhfuil ról méadaitheach ag UCPM maidir le tubaistí a chosc agus maidir le hullmhacht ina leith, agus Líonra Eolais a bhunú chun fothú acmhainneachta agus eolaíocht a ionchorprú go córasach.

f. An Dearbhú ó Dheontóirí Cabhrach Daonnúla maidir leis an Aeráid agus an Comhshaol[5] agus an Chairt um an Aeráid agus Comhshaoil d'Eagraíochtaí Daonnúla[6], lena n-éascófar obair chomhchoiteann chun aghaidh a thabhairt ar thionchair dhaonnúla na ngéarchéimeanna aeráide, bithéagsúlachta agus comhshaoil.

11. **Is fada leis an gComhairle** go leanfar d'idirphlé Ghlaschú i measc Pháirtithe UNFCCC, eagraíochtaí ábhartha agus geallsealbhóirí chun plé a dhéanamh ar na socruithe chun gníomhaíochtaí a mhaoiniú chun an caillteanas agus an damáiste a bhaineann le héifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide a sheachaint, a íoslaghdú agus chun aghaidh a thabhairt orthu, agus **athdhearbhaíonn sí** go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta i gcónaí do chur chun feidhme iomlán Líonra Santiago a luaithe is féidir, chun cúnamh teicniúil éileamhbhunaithe na n-eagraíochtaí, na gcomhlachtaí, na líonraí agus na saineolaithe ábhartha a spreagadh chun cineálacha cur chuige ábhartha a chur chun feidhme i dtíortha atá i mbéal forbartha atá an-leochaileach i leith éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide.

12. Sa chomhthéacs sin, **iarrann an Chomhairle** ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

a. Rannchuidiú agus comhlántacht i measc cineálacha cur chuige maidir le DRR, maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, agus cineálacha cur chuige ábhartha eile maidir le caillteanas agus damáiste a sheachaint, a íoslaghdú agus aghaidh a thabhairt orthu, **a admháil**.

b. **A áirithiú** go mbeidh gníomhaíochtaí forbartha, síochána, aeráide agus daonnúla an Aontais feasach ar rioscaí, agus ar an gcaoi sin go gcuirfear feabhas ar chumas na dtíortha comhpháirtíochta dul i mbun gníomhaíocht choisctheach, aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna, dul i ngleic le suaití agus struis amach anseo, agus ullmhú, oiriúnú agus freagairt do thubaistí agus iad a chosc go leordhóthanach,.

[5] https://civil-protection-humanitarian-aid.ec.europa.eu/what/humanitarian-aid/climate-change-and-environment/humanitarian-aid-donors-declaration-climate-and-environment_en
[6] https://www.climate-charter.org

c. **A áirithiú** go ndéanfar ullmhacht do thubaistí agus DRR a phríomhshruthú sa bheartas daonnúil agus sa bheartas forbartha agus sa ghníomhaíocht forbartha, agus freagracht chomhchistiúcháin **a chur chun cinn** ar fud gníomhaithe forbartha, daonnúla, aeráide agus síochána, agus sainiúlacht gach comhthéacs agus na n-acmhainní atá ar fáil á gcur san áireamh chun a áirithiú go n-úsáidfear na huirlisí cistiúcháin is éifeachtaí agus is iomchuí.

d. **Aistriú** ó fhreagairt fhrithghníomhach ar ghéarchéimeanna go gníomhaíocht, maoiniú agus bainistiú riosca atá níos réamhbhreathnaithí agus níos réamhghníomhaí agus, ag an am céanna, prionsabail dhaonnúla agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI) á n-urramú, comhordú, comhleanúnachas agus comhlántacht idir gníomhaíochtaí agus gníomhaithe daonnúla, forbartha agus síochána (HDP) **a neartú,** ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcéim phíolótach de chur chun feidhme an naisc thrípháirtigh HDP, agus an nasc idir na tíortha ábhartha uile **a oibríochtú a thuilleadh**, chomh maith le cur chun feidhme éifeachtach chuir chuige DRR a dhoiciméadú a thuilleadh i gcomhthéacs an naisc thrípháirtigh.

e. **Tacú** le réamhghníomhaíocht a chomhtháthú i dtimthriall an chláir dhaonnúil chomh maith le pleananna oiriúnúcháin mar fhreagairt ar an athrú aeráide, agus ullmhacht agus mear-rochtain ar scéimeanna tacaíochta i bpleanáil forbartha a neartú.

f. Cur chuige atá íogair ó thaobh coinbhleachta de, faoi stiúir agus faoi úinéireacht áitiúil, leanbh-lárnach, inscne-fhreagrúil, míchumas cuimsitheach, atá bunaithe ar chearta an duine agus atá claochlaitheach i leith DRR **a áirithiú**, lena dtugtar aghaidh ar bhunchúiseanna an neamhionannais inscne agus neamhionannais eile i ngach beartas agus cleachtas.

g. **Feabhas a chur** ar an gcomhar trí chur chuige Fhoireann na hEorpa i réimsí DRR agus an chomhraic i gcoinne an athraithe aeráide, agus Tionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide agus Athléimneacht san Afraic á mheas mar shampla.

h. Measúnuithe riosca tubaistí, aeráide agus comhshaoil **a chur chun cinn** agus le linn pleanáil agus clársceidealú daonnúil agus forbartha mar uirlis ríthábhachtach chun rioscaí, guaiseacha agus leochaileachtaí a mhapáil agus a mheas, agus chun na hacmhainneachtaí atá ar fáil agus atá riachtanach a shainaithint chun na rioscaí atá ann cheana a laghdú agus chun cruthú rioscaí nua a sheachaint, agus chun an ullmhacht do thubaistí a neartú. Ba cheart measúnuithe riosca a bheith sonrach ó thaobh an chomhthéacs de, bunaithe ar an eolaíocht agus ba cheart anailís inscne a bheith san áireamh iontu. Ba cheart iad a dhéanamh ó thaobh an daonra atá thíos leis, go háirithe daoine atá i staideanna leochaileacha, agus rannpháirtíocht fhiúntach a áirithiú dóibh san anailís, sa chinnteoireacht agus i gcur chun feidhme an mheasúnaithe féin, agus saincheisteanna amhail inscne, aois, míchumas, eitneacht, bunadh dúchasach nó féiniúlacht dhúchasach agus tréithe eile á gcur san áireamh. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar éagsúlacht, cineálacha éagsúla agus trasnacha idirdhealaithe, chomh maith le dinimicí coinbhleachta.

i. Rialachas **a neartú** le haghaidh bainistiú riosca cuimsitheach tubaiste, aeráide agus comhshaoil ar fud gach leibhéil agus earnála, feasacht a ardú maidir le rioscaí tubaiste, oiliúint agus cleachtadh a chur chun cinn, sásraí comhordaithe éifeachtacha agus comhpháirtíochtaí fadtéarmacha a fhorbairt idir údaráis phoiblí éagsúla agus geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear gníomhaithe áitiúla, pobail dhúchasacha, an saol acadúil, institiúidí taighde agus an earnáil phríobháideach, chomh maith le mná, leanaí agus eagraíochtaí óige, eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas agus eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta. Ba cheart réitigh faoi stiúir an phobail a chur chun cinn, i gcomhréir leis na Prionsabail um Oiriúnú faoi stiúir Áitiúil mar a comhaontaíodh ag COP 26 de UNFCCC.

j. Dearadh agus cur chun feidhme cineálacha cur chuige nua agus nuálacha duine-lárnacha **a chur chun cinn**, lena n-áirítear maoiniú agus árachas i ndáil le rioscaí aeráide agus tubaistí, trí thionscnaimh amhail an tionscnamh ‘Sciath Domhanda i gcoinne Rioscaí Aeráide’, chun cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a mhéadú i dtíortha comhpháirtíochta agus chun cosaint chórasach, chomhsheasmhach agus leanúnach a áirithiú do na daoine is mó atá i mbaol agus atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht, go háirithe i dtíortha leochaileacha agus i dtíortha atá i mbéal forbartha, agus aird ar leith á tabhairt ar TLFanna agus ar SIDS. I ndáil leis an méid sin, tá comhar trasteorann agus réigiúnach ríthábhachtach d’athléimneacht fhadtéarmach.

k. Comhordú na n-iarrachtaí maidir le haistriú teicneolaíochta agus fothú acmhainneachta **a chur chun cinn** go díreach i réigiúin atá thíos leis, agus leas á bhaint as an nuálaíocht agus as cineálacha nua cur chuige eolaíoch, lena n-áirítear sonraí, chun go rachaidís chun tairbhe go díreach do dhaoine atá i staideanna leochaileacha, lena n-áirítear trí na réitigh sin a chur ar fáil mar earraí poiblí domhanda. Tacú le tíortha comhpháirtíochta agus beartais agus dreasachtaí á gceapadh agus á gcur chun feidhme chun infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, atá athléimneach ó thaobh na haeráide agus ó thaobh tubaistí de a chur chun cinn agus chun díonadh ar an athrú aeráide do bhonneagair a fheabhsú, lena n-áirítear trí réitigh dhúlra-bhunaithe.

l. Lorg comhshaoil ghníomhaíocht an Aontais **a laghdú** i gcomhthéacs a ghníomhaíochta seachtraí.

m. **Tacú** leis an iarraidh ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe a áirithiú go ndéanfar gach duine ar domhan a chosaint le córais luathrabhaidh laistigh de chúig bliana, agus an slabhra luacha luathrabhaidh duine-lárnach ó cheann go ceann á chur i gcroílár na gcóras sin - ó mheasúnuithe riosca go dtí an bonneagar agus for-rochtain phobail an mhíle deiridh . Aithníonn an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá an tionscnamh i ndáil le riosca aeráide agus córais luathrabhaidh[7] chun an sprioc sin a bhaint amach.

---

[7] Chomh maith le tionscnaimh agus uirlisí ábhartha eile, amhail Córas Comhtháite Breathnóireachta Domhanda na hEagraíochta Domhanda Meitéareolaíochta (WIGOS), Córas Faisnéise na hEagraíochta Domhanda Meitéareolaíochta agus an Córas Domhanda Próiseála agus Réamhaisnéise Sonraí (GDPFS), Sásra Comhordúcháin na hEagraíochta Domhanda Meitéareolaíochta, an Córas Domhanda Foláirimh Ilghuaise (GMAS), an Líonra Domhanda um Breathnú Bunúsach (GBON), an tSaoráid Airgeadais Breathnóireachta Córasaí (SOFF), Fís agus Straitéis na hEagraíochta Domhanda Meitéareolaíochta maidir leis an Hidreolaíocht agus an Plean Gníomhaíochta gaolmhar, an Chomhghuaillíocht um Uisce agus Aeráid, an Chomhghuaillíocht um Fhorbairt Hidreolaíoch-meitéareolaíoch agus comhpháirtíochtaí eile leis an mBanc Domhanda, leis an gCiste Glas don Aeráid (GCF), le Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP), leis an earnáil phríobháideach agus le heintitis eile.